

©Augusta McCabe



Bí ag smaoinemh agus ag caint

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Cén dath atá ar na rudaí éagsúla sa phictiúr?
Céard a itheann na héin seo?
Cá ndéanann siad a nead?
An maith leat dath na spéire sa phictiúr?

Bí ag léamh

Léigh an dán seo agus cuir pictiúr leis

An bhfuil aon dán eile ar eolas agat
faoin spideog?

An Spideog

*Tháinig spideog bheag
Chun an dorais inné
'Tar isteach,' arsa mise.
'Ar mhaith leat cupán tae?'*

*'Níor mhaith,' arsa an spideog
Ach ba bhreá liom píosa aráin.
Tá na péisteanna i bhfolach
Faoi bhrat sneachta bán.*

Áine Ní Ghlinn

Bí ag scríobh

Roghnaigh tasc amháin

Scríobh an comhrá idir tusa agus an spideog

Is féidir leat tosú mar seo más mian leat:-

Spideog: *Tvuít. Tvuít. Tá sé ag cur sneachta amuigh agus táim fuar.*

Mise: *Tar isteach sa chistin.*

Spideog: *Go raibh míle maith agat.*

Mise: *An bhfuil ocras ort? ...*

nó

Féach ar an bpictiúr. Tá dhá spideog sa phictiúr. Scríobh comhrá idir na spideoga.

Is féidir leat tosú mar seo más mian leat:-

Spideog A: *Tá sé fuar inniu. Nach bhfuil?*

Spideog B: *Tá sé an-fhuar. Táim préachta leis an bhfuacht agus tá ocras an domhain orm. An bhfuil ocras ortsa?*

Spideog A: *Bhí ocras orm níos luaithe ach chuaigh mé go dtí doras an tí ...*

Tionscnamh

An bhfuil aon scéal ar eolas agat faoin spideog?

Tá a lán scéalta faoin spideog ar an suíomh **dúchas.ie**

Oscail an suíomh agus déan cuardach. Cuir isteach an focal “spideog” agus roghnaigh scéal amháin le hinsint don rang.



Bí ag smaoineamh agus ag caint

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Cén fáth a bhfuil an t-aingeal *ag glaoch*?
Cén scéal atá (nó a bhí) le hinsint ag an aingeal?
An féidir leatsa an scéal a insint?

Cé dó ar inis an t-aingeal an scéal?
Cá raibh na daoine sin?
Céard a bhí ar siúl acu?

Cé a tháinig chun an báibín Íosa a fheiceáil
sa mhainséar, sa stábla?

An ndearna sibh dráma Nollag riamh?
Ainmnigh na carachtair a bhí sa dráma sin.
An raibh aon ainmhí sa dráma?
Céard a bhí á dhéanamh agatsa?

Bí ag léamh

Léigh an dán seo faoin gcéad Nollaig.
Cruthaigh pictiúr le dul leis an dán.

Seo Linn

*Báibín bídeach ina luí
Sa stábla, sa mhainséar, i leaba tuí
Báibín gleoite a bheidh ina Rí*

*Tagaigí! Tagaigí - go bhfeice sibh an Rí
Rí na bhFlaitheas sa mhainséar ina luí*

*Seo linn! Seo linn! Seo linn go beo.
Ni dhéanfar dearmad
Ar an oíche seo go deo.*

*Ceol na n-aingeal ag líonadh an aeir
Réalta ag lonnú in airde sa spéir
Rí na bhFlaitheas ina luí sa mhainséar*

*Tagaigí! Tagaigí - go bhfeice sibh an Rí
Rí na bhFlaitheas sa mhainséar ina luí*

*Seo linn! Seo linn! Seo linn go beo.
Ni dhéanfar dearmad
Ar an oíche seo go deo.*

Áine Ní Ghlinn

Bí ag scríobh (1)

Samhlaigh go bhfuil luchá beaga ina gcónaí sa stábla i mBeithil.
Críochnaigh an comhrá seo idir Mamaí Luch, an bhó agus an t-asal Oíche Nollag.

(Tá cead agat daoine eile a chur isteach sa chomhrá más mian leat.)

Bó: Múú. Múú. Múúú...
Mamaí Luch: An féidir leat a bheith ciúin le do thoil? Táim ag iarraidh mo bháibíní a chur a luí.
Bó: Tá brón orm. Beidh mé ciúin anois. Oíche mhaith agus codladh sámh.
Mamaí Luch: Go raibh maith agat. Oíche mhaith.
Anois, a pháistí. Téigí a luí. Codladh sámh.

Luíonn na luchá beaga siad síos. Ní fada go bhfuil siad ina gcodladh. Go tobann dúisíonn siad nuair a chloiseann siad ...

Bó: MÚÚ! MÚÚÚÚ!
Mamaí Luch: Céard é seo? Bí ciúin. Nár iarr mé ort a bheith ciúin?
Bó: Ní féidir liom a bheith ciúin. Féach. Tá cuairteoirí againn ...
Mamaí Luch: Cuairteoirí! Ag an am seo den oíche! Níl mise ag iarraidh aon chuairteoirí. Imígí libh. Bailígí libh amach as an stábla seo.
Asal: ...

Bí ag scríobh (2)

Sa dán seo tá a scéal féin á insint ag an réalta.
Léigh an dán.

Ansin, roghnaigh duine nó ainmhí a bhí sa stábla ar an gcéad Nollag.
Is tusa an duine nó an t-ainmhí sin.
Inis do scéal féin.

(Is mise an Rí Baltasár / Is mise an t-asal ...)

An Chéad Nollaig

*Mise an réalta
A las na spéartha
A mhúscail na haoirí
A threoraigh na ríthe
A ghluais go huaibhreach
Trasna na spéire
A bhí crochta go maorga
Os cionn an stábla ...*

*Áine Ní Ghlinn
(ón gcnuasach filíochta
Bronntanais, Cló Mhaigh Eo)*

Áine Ní Ghlinn